# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025

## CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**Dé Céadaoin, 18 Meitheamh- Tráthnóna, 2.00 - 5.00**

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist **(A nó B)** agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d’iarrthóirí **CEIST 1 (A nó B) amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d’iarrthóirí **DHÁ CHEANN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d’iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé an-tábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint sa fhreagarleabhar / sna freagarleabhair sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

| **ROINN 1 (120 Marc)** |
|---|
| Freagair **Ceist 1(A)** NÓ **1(B)** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile |

**1. (A) Cuntais Deiridh Cuideachta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo thíos as leabhair Uí Aonghusa Teo. mar a bhí ar an 31/12/2024:

| | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann<br>Eisithe - 285,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | 285,000 |
| Foirgnimh | 300,000 | |
| Veaineanna seachadta (costas 80,000) | 60,000 | |
| Trealamh oifige | 75,000 | |
| Dímheas carntha – trealamh oifige | | 36,000 |
| Paitinn | 39,000 | |
| Féichiúnaithe | 32,600 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 3,800 |
| Creidiúnaithe | | 27,800 |
| Táillí stiúrthóirí | 21,000 | |
| Díolacháin | | 550,000 |
| Ceannacháin | 316,000 | |
| Aischuir amach (aischuir ceannachán) | | 11,100 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 16,240 | |
| Stoc na n-earraí le hathdhíol (01/01/2024) | 29,000 | |
| Stoc stáiseanóireachta (01/01/2024) | 400 | |
| Pá agus Tuarastail | 95,000 | |
| Coimisiún | | 21,380 |
| Speansais ghinearálta | 52,400 | |
| Stáiseanóireacht | 4,500 | |
| Fógraíocht | 12,000 | |
| Árachas | 15,520 | |
| Bintiúir 10% (a eisíodh ar an 01/04/2024) | | 100,000 |
| Ús bintiúir | 3,800 | |
| Banc | 57,250 | |
| CBL | | 31,000 |
| ÁSPC/MSU | | 17,400 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2024 | | 46,230 |
| | 1,129,710 | 1,129,710 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc le hathdhíol ar an 31/12/2024, €38,000.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar an 31/12/2024, €750.

(iii) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch an 30/04/2025.

(iv) Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go 4% de na féichiúnaithe.

(v) Coimisiún infhaighte dlite ar an 31/12/2024, €1,200.

(vi) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% dá gcostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá <u>luach de réir na leabhar</u> |
| Trealamh oifige | 10% dá chostas. |

(vii) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite ar an 31/12/2024.

(viii) Déan soláthar do cháin chorparáide €5,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2024. (80)

**(b)** **Clár comhardaithe** mar a bhí ar an 31/12/2024 a ullmhú. (40)

**(120 marc)**

**1. (B) Cuntais Deiridh Cuideachta Déantúsaíochta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo thíos as leabhair Mhic Craith Teo. mar a bhí ar an 31/12/2024.

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 1,000,000 gnáthscair ar €1 an ceann<br>Eisithe - 840,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | 840,000 |
| Veaineanna seachadta (costas €74,000) | 45,000 | |
| Foirgnimh mhonarchan | 970,000 | |
| Trealamh monarchan (costas €320,000) | 280,000 | |
| Paitinn | 120,000 | |
| Stoc 01/01/2024 | | |
| Amhábhair | 65,000 | |
| Obair idir lámha | 8,200 | |
| Earraí críochnaithe | 43,100 | |
| Ceannach amhábhar | 419,000 | |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 26,000 | |
| Solas agus teas monarchan | 34,100 | |
| Díol dramhábhar | | 16,800 |
| Díolacháin | | 952,800 |
| Stáiseanóireacht | 3,200 | |
| Pá monarchan | 210,000 | |
| Speansais dhíreacha | 18,000 | |
| Fógraíocht | 3,600 | |
| Bintiúir 10% (a eisíodh ar an 01/07/2024) | | 250,000 |
| Creidiúnaithe | | 64,000 |
| Féichiúnaithe | 77,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,900 |
| Árachas monarchan | 23,000 | |
| CBL | | 33,800 |
| Banc | | 73,200 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2024 | | 111,700 |
| | 2,345,200 | 2,345,200 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Stoc ar an 31/12/2024: | Amhábhair | €57,000 |
| | | Obair idir lámha | €10,400 |
| | | Earraí críochnaithe | €60,000 |

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar an 31/12/2024, €200.

(iii) Ba cheart soláthar a dhéanamh d'ús bintiúir dlite.

(iv) Tá soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh mhonarchan | 2% dá gcostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Trealamh monarchan | 20% dá chostas. |

(v) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch an 31/03/2025.

(vi) Tá pá monarchan le roinnt: 80% ar phá díreach agus 20% ar phá maoirseora.

(vii) Déan soláthar do cháin chorparáide €16,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas déantúsaíochta** a ullmhú don bhliain dar críoch an 31/12/2024. (40)

**(b)** **Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2024. (40)

**(c)** **Clár comhardaithe** mar a bhí ar an 31/12/2024 a ullmhú. (40)

**(120 marc)**

**2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe**

Baineadh na figiúirí seo thíos as leabhair Natasha Ní Bhroin le linn mhí Eanáir 2025.

| | **€** |
|---|---|
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2025 dr | 62,100 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2025 sr | 220 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2025 sr | 51,500 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2025 dr | 670 |
| Díolacháin (díolacháin ar airgead tirim €17,500 san áireamh) | 387,000 |
| Aischuir isteach (aischuir dhíolachán) | 16,250 |
| Ceannacháin (ceannacháin ar airgead tirim €19,200 san áireamh) | 243,600 |
| Aischuir amach (aischuir ceannachán) | 1,230 |
| Lascaine a lamháladh | 810 |
| Lascaine a fuarthas | 575 |
| Billí iníoctha ar glacadh leo | 4,100 |
| Billí infhaighte a eisíodh | 2,900 |
| Lascaine nár lamháladh do Natasha Ní Bhroin | 120 |
| Seiceanna a fuarthas ó chustaiméirí | 174,800 |
| Seiceanna a íocadh le soláthróirí | 195,000 |
| Seiceanna a fuarthas agus a obadh | 1,645 |
| Drochfhiacha a díscríobhadh | 2,500 |
| Ús a ghearr Natasha Ní Bhroin ar chuntais dlite thar téarma | 620 |
| Aistriú ó mhórleabhar na bhféichiúnaithe chuig mórleabhar na gcreidiúnaithe | 3,000 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 31/01/2025 | 180 sr |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 31/01/2025 | 910 dr |

**Iarrtar ort iad seo a ullmhú do mhí Eanáir 2025:**

**(a)** Cuntas rialúcháin mhórleabhar na bhféichiúnaithe. (30)

**(b)** Cuntas rialúcháin mhórleabhar na gcreidiúnaithe. (30)

**(60 marc)**

**3. Ráiteas Táblach**

Sa chlár comhardaithe seo thíos, léirítear staid airgeadais Stiofáin Uí Earchaidh, trádálaí aonair, mar a bhí ar an 01/04/2025.

**Clár comhardaithe mar a bhí ar an 01/04/2025**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Foirgnimh | | 600,000 | |
| Trealamh | | 96,000 | 696,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | | 84,000 | |
| Féichiúnaithe | | 12,500 | |
| Banc | | 21,300 | |
| | | 117,800 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 19,700 | | |
| Árachas dlite | 600 | 20,300 | |
| Caipiteal oibre | | | 97,500 |
| Glansócmhainní iomlána | | | 793,500 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| Caipiteal | | | 687,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 106,500 |
| Caipiteal in úsáid | | | 793,500 |

**Rinneadh na bearta seo a leanas le linn mhí Aibreáin 2025:**

3 Aib D'íoc le seic árachas a bhí dlite ag tús na míosa.

4 Aib Cheannaigh earraí ar cairde €16,200.

10 Aib Fuair seic €4,800 ó fhéichiúnaí mar lánghlanadh ar fhiach €5,200.

14 Aib D'íoc le seic iarmhéid cuntais creidiúnaí €1,750 agus fuair lascaine €160.

17 Aib Dhíol earraí ar cairde €10,600, earraí a chosain €8,000 i dtús báire.

19 Aib Cheannaigh veain seachadta nua €31,000. D'íoc éarlais €6,000 le seic agus fuair an fuílleach ar iasacht ó Airgead Amach Anseo Teo.

21 Aib D'íoc le seic ó chuntas bainc an ghnólachta €2,300 as deisiúcháin ar dhíon tí chónaithe phríobháidigh.

30 Aib Dearbhaíodh ina fhéimheach féichiúnaí a raibh €800 dlite aige agus d'íoc 20c in aghaidh an €.

**Iarrtar ort:**

An tionchar a bhain le gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus ar na dliteanais ábhartha a thaifeadadh ar **ráiteas táblach**.

Na **sócmhainní** agus na **dliteanais iomlána** ar an 30/04/2025 a thaispeáint. **(60 marc)**

**4. Cuntais Chlub**

Bhí na nithe thíos san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Chlub Iománaíochta Naomh Eoin ar an 01/01/2024:

Clubtheach agus páirceanna €680,000; trealamh €28,000; síntiúis bhallraíochta dlite €480; stoc beáir €9,900; infheistíochtaí €12,500; speansais dlite €660; airgead ar láimh €13,600.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Ráiteas a ullmhú a léiríonn **ciste carntha** an chlub ar an 01/01/2024. (15)

Seo thíos achoimre ar fháltais agus íocaíochtaí an chlub don bhliain dar críoch an 31/12/2024.

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---:|---|---:|
| Airgead ar láimh 01/01/2024 | 13,600 | Ceannacháin bheáir | 29,700 |
| Síntiúis | 24,000 | Speansais ghinearálta | 22,300 |
| Díolacháin bheáir | 51,500 | Ceannach trealaimh | 5,200 |
| Ús a fuarthas | 750 | Creidiúnaithe beáir | 4,400 |
| Urraíocht bhliantúil | 10,000 | Duaiseanna comórtas | 7,500 |
| Táillí iontrála comórtas | 6,800 | Iarmhéid airgid 31/12/2024 | 37,550 |
| | 106,650 | | 106,650 |

**Thug an cisteoir an t-eolas seo freisin mar a bhí ar an 31/12/2024:**

(i) Stoc beáir €11,600.

(ii) Creidiúnaithe beáir €190.

(iii) Síntiúis réamhíoctha €760.

(iv) Speansais dlite €880.

(v) Tá dímheas 10% den chostas le déanamh ar threalamh a bhí ann ar an 31/12/2024.

(vi) Déan dímheas 2% den chostas ar an gclubtheach agus ar na páirceanna.

**Iarrtar ort:**

**(b)** **Cuntas trádála beáir** a ullmhú don bhliain dar críoch an 31/12/2024. (9)

**(c)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** an chlub don bhliain dar críoch an 31/12/2024 a ullmhú. (30)

**(d)** **Mínigh** an téarma 'Síntiúis'. (6)

**(60 marc)**

Tosaíonn Roinn 2 ar leathanach 10

**Roinn 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist

5. **Léirmhíniú ar Chuntais**
Baineadh an t-eolas seo thíos as cuntais Mhic Dhonncha Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2024:

**Cuntas Trádála agus Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch an 31/12/2024**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 846,000 |
| **Lúide:** Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2024 | | 123,500 | |
| Móide: ceannacháin ar cairde | | ??????? | |
| | | ??????? | |
| Lúide: stoc 31/12/2024 | | 112,700 | |
| Costas díolachán | | | 652,400 |
| Brabús comhlán | | | 193,600 |
| **Lúide:** Speansais iomlána (ús san áireamh) | | | 157,600 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 36,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2024**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 780,000 | 143,000 | 637,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (féichiúnaithe trádála €54,000 san áireamh) | | 186,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 67,000 | |
| | | | 119,000 |
| | | | 756,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis breis agus 1 bhliain amháin | | | |
| Bintiúir 8% (2029) | | | 120,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 800,000 | 600,000 | 600,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 36,000 |
| | | | 756,000 |

**(a)** **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh**: (go dtí 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

- **(i)** An figiúr do cheannacháin.
- **(ii)** Corrlach an ghlanbhrabúis.
- **(iii)** An toradh ar chaipiteal in úsáid.
- **(iv)** An tréimhse chreidmheasa a fuarthas ó chreidiúnaithe trádála. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo thíos agus **luaigh an bhaint atá acu leis na cuntais thuas** de réir mar is cuí:

- **(i)** Bintiúir 8% (faoi urrús 2029).
- **(ii)** Sócmhainní seasta doláimhsithe.
- **(iii)** Féichiúnaithe trádála.
- **(iv)** Ús a íocadh. (40)

**(c)** **(i)** Ríomh an cóimheas fíorthástála do **2024** (go dtí 2 ionad dheachúlacha).

**(ii)** Cad a léiríonn an cóimheas dúinn faoi Mhac Donncha Teo. in 2024? (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid do Mhac Donncha Teo. in **2023** ná 9%.

Déan trácht ar bhrabúsacht Mhic Dhonncha Teo. in **2024**.

(10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas Sreabhaidh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo thíos as leabhair Uí Arrachtáin Teo.:

| **Brabús agus caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch an 31/12/2024** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 68,200 |
| Ús a íocadh | (11,200) |
| | 57,000 |
| Cáin | (31,000) |
| | 26,000 |
| Díbhinní íoctha | (16,000) |
| Brabús coinnithe | 10,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2024 | 57,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2024 | 67,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar an** | **31/12/2024** | | **31/12/2023** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh | 780,000 | | 640,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (48,000) | 732,000 | (44,000) | 596,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 29,000 | | 24,000 | |
| Féichiúnaithe | 44,000 | | 50,000 | |
| Banc | 26,000 | | 15,000 | |
| | 99,000 | | 89,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin | | | | |
| Creidiúnaithe | 55,000 | | 42,000 | |
| Cáin | 31,000 | | 26,000 | |
| | (86,000) | | (68,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 13,000 | | 21,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 745,000 | | 617,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag:** | | | | |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna dlite tar éis 1 bhliain amháin | | | | |
| Bintiúir 8% | | 140,000 | | 110,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal a eisíodh | | 500,000 | | 450,000 |
| Scairbhiseach | | 38,000 | | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 67,000 | | 57,000 |
| | | 745,000 | | 617,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas sreabhaidh airgid** a ullmhú do Ó hArrachtáin Teo. don bhliain dar críoch an 31/12/2024 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú (65)

**(c)** An glanshreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (5)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Gnólachta Seirbhíse**

Tá baint ag muintir Mhic Gearailt le tionscal na turasóireachta. Tá teach leaba is bricfeasta agus teach saoire á reáchtáil acu, agus ligeann siad rothair ar cíos le turasóirí i rith shéasúr na laethanta saoire.

San áireamh ina gcuid sócmhainní agus dliteanais ar an 01/01/2024, bhí:

Áitreabh leaba is bricfeasta €450,000; teach saoire €74,000; rothair €7,500; trealamh €8,500; stoc breosla agus ola téite €2,600; airgead ar láimh €5,400; éarlaisí réamhíoctha ó thurasóirí don teach saoire €1,200 .

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas **Caipitil** do ghnólacht turasóireachta mhuintir Mhic Gearailt a ullmhú ar an 01/01/2024. (30)

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31/12/2024**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh 01/01/2024 | 5,400 | Soláthairtí leaba is bricfeasta | 11,160 |
| Fáltais ó aíonna | 43,200 | Solas, teas agus breosla | 5,520 |
| Cíos ón teach saoire | 26,500 | Tarraingtí | 2,900 |
| Fáltais ó rothair ar cíos | 7,400 | Pá | 24,200 |
| | | Ceannach trealaimh | 5,900 |
| | | Fógraíocht agus cur chun cinn | 2,400 |
| | | Cothabháil agus deisiúcháin | 6,300 |
| | | Iarmhéid 31/12/2024 | 24,120 |
| | 82,500 | | 82,500 |

Is cóir an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh ar an 31/12/2024:

(i) Stoc ola téite €890.

(ii) Tá €200 dlite don siopa áitiúil i gcomhair soláthairtí.

(iii) D'úsáid an teaghlach an cúigiú cuid de na soláthairtí a ceannaíodh.

(iv) San áireamh sna fáltais ó aíonna, tá éarlaisí áirithinte €1,250 do 2025.

(v) Tá dímheas 15% le déanamh ar na rothair agus dímheas 2% le déanamh ar an teach saoire.

**Iarrtar ort**:

**(b)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** a ullmhú don bhliain dar críoch an 31/12/2024. (40)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú ar an 31/12/2024. (30)

**(100 marc)**

Tosaíonn Roinn 3 ar leathanach 16

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Costáil Ionsúcháin**

Tá na figiúirí buiséadaithe seo thíos ag Ó Gadhra Teo., cuideachta bheag déantúsaíochta, don bhliain seo chugainn:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €625,000 |
| Saothar díreach | €180,000 |
| Forchostais mhonarchan | €210,000 |
| Uaireanta buiséadaithe de shaothar díreach | 12,000 uair an chloig |
| Uaireanta buiséadaithe meaisín | 24,000 uair an chloig |

**(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:**

(i) An ráta ionsúite forchostas in aghaidh na **huaire saothair dhírigh**.

(ii) An ráta ionsúite forchostas in aghaidh na **huaire meaisín**.

Is iad seo thíos sonraí **Jab Uimhir 168** le haghaidh custaiméara:

| | |
|---|---|
| Ábhair Dhíreacha | €14,500 |
| Uaireanta saothair dhírigh | 80 uair an chloig |
| Uaireanta meaisín | 150 uair an chloig |

**Iarrtar ort:**

**(b)** Costas Jab Uimhir 168 a ríomh agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostas in aghaidh na **huaire meaisín**.

**(c)** Costas Jab Uimhir 168 a ríomh agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostas in aghaidh na **huaire saothair dhírigh.**

**(d)** **Praghas díola** Jab Uimhir 168 don chustaiméir a ríomh agus úsáid á baint as ráta ionsúite forchostas an **tsaothair** (mar a ríomhadh in (c) thuas agus glac le marcáil suas 20% ar an gcostas).

**(e)** An difríocht a mhíniú idir costais sheasta agus costais athraitheacha agus sampla a thabhairt i ngach cás.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Táirgí**

Déanann Déada Teo. dhá scuab fiacla leictreacha éagsúla, **'Réalta'** agus **'Gealach'**. Tá díolacháin an dá chineál scuaibe fiacla agus eolas ábhartha eile don bhliain seo chugainn buiséadaithe thíos:

| | **Réalta** | **Gealach** |
|---|---|---|
| Díolacháin bhuiséadaithe ina n-aonaid | 8,800 | 9,200 |
| Praghas díola ionchasach | €40 | €30 |

| **Stoc ionchasach – Earraí Críochnaithe** | **Réalta** | **Gealach** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh ina aonaid | 240 | 320 |
| Stoc deiridh ina aonaid | 180 | 200 |

| **Méid agus Costais Ábhar** | **Ábhar X** | **Ábhar Y** |
|---|---|---|
| Réalta | 5 ghram | 4 ghram |
| Gealach | 4 ghram | 3 ghram |
| Praghas ceannaigh ionchasach in aghaidh an ghraim | €3 | €5 |

| **Stoc Ionchasach - Amhábhair** | **Ábhar X** | **Ábhar Y** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 265 gram | 400 gram |
| Stoc deiridh | 110 gram | 320 gram |

| **Am an tSaothair Dhírigh ina uaireanta an chloig** | |
|---|---|
| Réalta | 3 uair an chloig |
| Gealach | 4 uair an chloig |

| **Ráta an tsaothair dhírigh in aghaidh na huaire** | €16 |
|---|---|

**Iarrtar ort:**

**(a)** Buiséad **díolacháin** a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(b)** Buiséad **táirgthe** a ullmhú ina **aonaid**.

**(c)** Buiséad **úsáide ábhair** a ullmhú ina **ghraim**.

**(d)** Buiséad **ceannacháin ábhair** a ullmhú ina **ghraim** agus ina **€**.

**(e)** Buiséad **saothair** (pá) a ullmhú.

**(f)** **Cén fáth** a n-ullmhódh Déada Teo. buiséad táirgthe?

**(80 marc)**

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar
an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ardteistiméireacht – Gnáthleibhéal

# Cuntasaíocht

Dé Céadaoin, 18 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 – 5:00